An Chartlann Náisiúnta
National Archives

Milleadh comhad maidir le cásanna a bhaineann le hiarrataí Saorála Faisnéise (FoI) ar bhonn leanúnach mar chatagóir nó mar aicme taifead faoi Alt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986

Is sárú ar alt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta,1986, é aon taifid roinne, lena n-áirítear comhaid FOI, a dhiúscairt gan dul i gcomhairle leis an gCartlann Náisiúnta roimh ré, lena n-áirítear Deimhniú i leith Diúscairt Taifead Roinne a eisiúint agus é sínithe ag Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta.

1. Faisnéis chúlra maidir le Saoráil Faisnéise

Leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, tugtar cearta rochtana do dhaoine aonair maidir le taifid a shealbhaíonn ranna rialtais, comhlachtaí eile laistigh den státseirbhís, údaráis áitiúla, boird sláinte, ospidéil shaorálacha a fhaigheann maoiniúchán poiblí, eagraíochtaí poiblí agus eagraíochtaí saorálacha eile in earnálacha na sláinte agus na seirbhísí sóisialta, ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta, coláistí eile tríú leibhéal agus roinnt comhlachtaí Stát-tionscanta sna hearnálacha craolacháin, cultúir, fiontraíochta agus fostaíochta, rialtais áitiúil agus rialála (dá ngairtear ‘comhlachtaí poiblí’ sa tuarascáil seo).

Faoin Acht FOI, tá sé de cheart ag gach duine rochtain a fháil ar thaifid a shealbhaíonn comhlachtaí poiblí atá clúdaithe faoi na hAchtanna agus ar an modh seo a leanas:

- I gcásanna ina gcuimsíonn taifid faisnéis phearsanta faoin duine a bhfuil iarratas á dhéanamh aige nó aici ar rochtain, baineann an ceart ar rochtain le gach taifead den sórt sin beag beann ar an dáta a bhaineann leis na taifid sin.
- I ngach cás eile, ní bhaineann an ceart rochtana, de ghnáth, ach amháin le taifid a cruthaíodh tar éis an 21 Aibreán 1998 (má choimeádann roinn rialtais, ceann de na comhlachtaí eile atá liostaithe san Acht nó ceann de na comhlachtaí ar leathnaíodh an tAcht chucu ina dhiaidh sin) nó tar éis an 21 Deireadh Fómhair (má choimeádann údarás áitiúil nó bord sláinte na taifid).

Ina theannta sin, tugtar na cearta seo a leanas do gach duine leis an Acht FOI:

- An ceart chun faisnéis phearsanta atá i dtaifid atá i seilbh na gcomhlachtaí iomchuí a athrú i gcás ina bhfuil sí neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- An ceart go ndéanfaí cúiseanna le breitheanna de chuid na gcomhlachtaí thuas a rinne difear ábhartha don duine lena mbaineann a thabhairt dó nó di

I ngach cás, ní mór an ceart rochtana a fheidhmiú de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos faoi na hAchtanna agus tagann sé faoi réir aon díolúintí iomchuí ó rochtain dá bhforáiltear sna hAchtanna. Mar shampla, d’fhéadfadh sé go mbeadh gá le scaoileadh

faisnéise a dhíolmhú in imthosca ina measann comhlacht poiblí go mbeadh scaoileadh ina chúis le dochar nó díobháil a dhéanfadh dochar d'fheidhmiú an chomhlachta phoiblí nó go mbeadh sé contrártha do leas an phobail.

Go praiticiúil, is ionann sin agus a rá go mbainfidh na príomhdhíolúintí le faisnéis i dtaifid a bhaineann le próisis atá á mbreithniú fós, le comhlíonadh feidhmeanna imscrúdúcháin agus caibidlíochta áirithe agus le faisnéis phearsanta atá íogair ó thaobh cúrsaí tráchtála de nó faisnéis a fuarthas ar bhonn rúnda a nochtadh do thríú páirtithe.

Scéimeanna Foilsitheoireachta

Faoi Acht FOI, ní mór do chomhlachtaí poiblí 'scéim foilsitheoireachta' a ullmhú agus a fhoilsiú de réir an "Scéim Eiseamláireach" dá bhforáiltear sa reachtaíocht nó de réir leagan leasaithe di a fhorordóidh an tAire tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisinéir Faisnéise, ar scéim í a bheidh le húsáid ag comhlachtaí ar leith mar bhonn lena gcuid scéimeanna féin. Déantar téarmaí ginearálta a leagan amach san Acht i dtaobh cad iad na nithe ar ceart, ar a laghad, iad a bheith san áireamh sa scéim foilsitheoireachta. Foráiltear ann go bhféadfaidh an Coimisinéir scrúdú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an ceanglas seo a chomhlíonadh ag comhlachtaí agus tuairisciú a dhéanamh ina leith sin ina thuarascáil/tuarascáil bhliantúil.

2. An próiseas a ghabhann le freagra a thabhairt ar iarrataí maidir le rochtain FOI

Nuair a fhaightear iarraidh ar fhaisnéis osclaítear cáschomhad a bhaineann le próiseáil na hiarrata sin. Is é sin an gnáthchleachtas ar fud na státseirbhíse. Maidir le cuid mhór comhlachtaí poiblí a thagann faoi réir na nAchtanna, bíonn clár iarrataí FOI nó córas rianaithe bainistíochta cás acu agus déantar fáil na hiarrata a thaifeadadh sa chóras sin de ghnáth.

Tugann an comhlacht poiblí admháil i scríbhinn ansin á rá go bhfuarthas an iarraidh agus déantar an dáta ar faoi nach mór, de réir an dlí, fógra a thabhairt don iarrthóir faoi thoradh críochnaitheach na hiarrata a chur in iúl dó nó di. I gcásanna inar mó a d'oirfeadh an iarraidh d'institiúid eile, cuirtear an méid sin in iúl don iarrthóir agus aistrítear an iarraidh.

Má oireann an iarraidh don chomhlacht poiblí, sanntar do bhreithneoir í lena breithniú agus lena cinneadh i leith faisnéis a scaoileadh chuig an iarrthóir. Beidh breithneoir FOI amháin ar a laghad ann laistigh de gach uile chomhlacht poiblí. Cuirtear tús le cuardach ansin chun taifid a shainaithint ina bhfuil faisnéis a bhfuil gá léi chun freagra a thabhairt ar an iarraidh. Tar éis taifid a shainaithint, déanann an breithneoir breithniú i dtaobh iad a scaoileadh, agus aird chuí á tabhairt do na díolúintí a shonraítear san Acht FOI, ar díolúintí iad a bhféadfaí leas a bhaint astu chun rochtain ar an bhfaisnéis atá ann sna taifid a dhiúltú i gcásanna ina mbeadh gá le déanamh amhlaidh.

De bhreis ar an mbreithniú agus ar an gcomhairliúchán a d'fhéadfadh a bheith ann laistigh de chomhlacht poiblí mar chuid den phróiseas a bhaineann le freagra a thabhairt ar iarraidh FOI, d'fhéadfadh cásanna a bheith ann inar gá don chomhlacht dul i gcomhairle le tríú páirtithe sular féidir an fhaisnéis a scaoileadh. I gcásanna áirithe, is é an cleachtas é freisin comhairle fhoirmiúil dhlíthiúil a lorg, más gá sin.

Tar éis breithniú iomlán a bheith déanta ar an iarraidh FOI, déanfaidh breithneoir breith sa deireadh i ndáil le scaoileadh na faisnéise atá ann sna taifid. Mar thoradh ar an mbreithniú a dhéanann an breithneoir, d'fhéadfaí an fhaisnéis a scaoileadh ina hiomláine nó go páirteach chuig an iarrthóir nó d'fhéadfaí scaoileadh na faisnéise a dhiúltú. I gcás nach mór dul i gcomhairle le tríú páirtí, nó má bhíonn aon mhoill eile ann, tá oibleagáid ar an gcomhlacht poiblí dul i dteagmháil leis an iarrthóir chun fadú ar an sprioc-am dlíthiúil a lorg.

Is féidir scaoileadh faisnéise chuig an iarrthóir a chur i gcrích trí na taifid a chóipeáil nó tríd an bhfaisnéis a lorgaítear a bhaint as na taifid. I roinnt cásanna, is féidir rochtain a thabhairt ar an taifead bunaidh i gcás ina lorgaítear sin nó inar gá sin ach, chuige sin, is cinnte go mbeadh gá le cigireacht ar láthair an comhlachta phoiblí.

Ní mór sceideal na dtaifead a bhaineann le hábhar na hiarrata a sholáthar don iarrthóir, is cuma cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh na taifid/nó na cóipeanna/nó an fhaisnéis as na taifid a scaoileadh de bhun na hiarrata. Maidir leis an sceideal, ní mór léiriú a bheith ann maidir le cásanna ina bhfuil rochtain ar fhaisnéis atá ann sna taifid á tabhairt agus á diúltú agus ní mó an fhoráil iomchuí d'Achtanna FOI ar fúthu atá an fhaisnéis á díolmhú a lua sa sceideal.

I gcás ina ndéantar iarraidh FOI chun cúiseanna le breitheanna de chuid an chomhlachta phoiblí a fháil, ar breitheanna a rinne difear ábhartha don iarrthóir, is i bhfoirm litreach, de ghnáth, a thabharfar na cúiseanna sin don iarrthóir agus, sa litir sin, leagfar amach an chúis leis na cinntí maidir le hábhar ar leith a rinne difear don iarrthóir.

I gcás ina mbíonn iarrthóir míshásta le toradh iarrata FOI, tá saoráid ann i leith achomharc a dhéanamh chuig údarás níos airde laistigh den chomhlacht poiblí le go ndéanfar an bhreith bhunaidh a athbhreithniú. Ní hamháin gur féidir le hiarrthóir a iarraidh go ndéanfar athbhreithniú ar bhreith chun faisnéis a choimeád siar ach, ina theannta sin, is féidir leis nó léi athbhreithniú ar ghnéithe den tslí inar láimhseáladh iarraidh FOI a lorg, mar shampla táillí a forchuireadh i leith freagra a thabhairt ar an iarraidh agus/nó i leith an fhaisnéis a iarradh a sholáthar. Ní dhéantar athbhreithniú ach amháin de bhun iarrata i scríbhinn agus nuair a ghabhann an táille chuí léi. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé gurb é a leanfaidh as an athbhreithniú ná scaoileadh na faisnéise a coimeádadh siar roimhe sin; i

gcásanna eile, d'fhéadfadh sé nach dtarlódh ach breith chun seasamh leis breith bhunaidh an chomhlachta phoiblí.

I gcás ina mbíonn iarrthóir míshásta le toradh an athbhreithnithe, is féidir leis nó léi achomharc a dhéanamh chuig an gCoimisinéir Faisnéise chun an t-ábhar a athbhreithniú tuilleadh. Más é atá i mbreith an Choimisinéara ná glacadh leis an achomharc, tagann deireadh, de ghnáth, le hidirghníomhaíocht dhíreach an chomhlachta phoiblí leis an iarrthóir i ndáil leis an iarrthóir

I gcás ina ndéantar achomharc bailí chuig an gCoimisinéir Faisnéise agus go nglactar leis an achomharc sin, cuireann an Coimisinéir Faisnéise an méid sin in iúl don chomhlacht poiblí agus déanfaidh an Coimisinéir cóip den iarratas ar athbhreithniú a fuarthas a sholáthar don chomhlacht poiblí (is ceanglas é sin faoin Acht FOI). Beidh ar an gcomhlacht poiblí ansin cóipeanna d'iarraidh bhunaidh an iarrthóra chuig an gcomhlacht poiblí, breith bhunaidh an chomhlachta phoiblí, iarraidh thosaigh an iarrthóra ar athbhreithniú inmheánach agus breith an chomhlachta phoiblí maidir leis an athbhreithniú inmheánach (i gcás inar eisíodh breitheanna). Ina theannta sin, tabharfaidh an Coimisinéir fógra d'aon duine eile ar ceart fógra a thabhairt dó nó di á rá go bhfuil sé beartaithe an bhreith a athbhreithniú, mar shampla, tríú páirtithe.

Chun imscrúdú ar chás achomhairc a éascú, lorgóidh an Coimisinéir na comhaid iomchuí ar an gcomhlacht poiblí agus iarrfaidh an Coimisinéir ar an gcomhlacht sin aighneacht a dhéanamh i dtaobh cén fáth a rinne sé an bhreith lena mbaineann. Iarrfaidh an Coimisinéir ar an iarrthóir/achomharcóir aighneacht i scríbhinn a dhéanamh freisin agus cé nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil ar an iarrthóir/achomharcóir aighneacht i scríbhinn a sholáthar is féidir le haighneacht den sórt sin a bheith ina cabhair i ndáil leis an gcás a thabhairt chun críche. Nuair a ghlactar le hiarratas ar achomharc, déantar imscrúdaitheoir a shannadh don chás agus is é nó í an t-imscrúdaitheoir sin an príomhphointe teagmhála idir an t-iarrthóir agus an Coimisinéir.

Déanfaidh an t-imscrúdaitheoir an méid seo a leanas de ghnáth:

- Féachfaidh sé nó sí leis na fíorais go léir i ndáil leis an mbreith a rinne an comhlacht poiblí a shuíomh
- Lorgóidh sé nó sí aighneachtaí ar na páirtithe san athbhreithniú agus breithneoidh sé nó sí aon argóintí a luaitear
- Tabharfaidh sé nó sí a réamhthuairim faoin gcás don iarrthóir i scríbhinn i gcás inar cuí sin
- Féachfaidh sé nó sí lena fháil amach an féidir socraíocht a dhéanamh idir na páirtithe
- I gcás nach féidir teacht ar shocraíocht, déanfaidh sé nó sí moladh don Choimisinéir Faisnéise maidir leis an gcás

Foráiltear leis an Acht FOI go n-oibreoidh an Coimisinéir ar bhealach chomh neamhfhoirmiúil agus is féidir. I gcuid mhór cásanna, socróidh an Coimisinéir an t-ábhar trí chomhaontú idir an t-iarrthóir agus an comhlacht poiblí seachas trí bhreith fhoirmiúil cheangailteach a eisiúint.

I gcás nach mór don Choimisinéir breith cheangailteach a eisiúint mar thoradh ar an achomharc, féadfar seasamh leis an mbreith bhunaidh nó féadfar í a athrú. Mar mhalairt ar sin, féadfar an bhreith bhunaidh a neamhniú agus féadfar breith nua a dhéanamh. Is i bhfoirm litreach a eisítear breith an Choimisinéara de ghnáth. I gcoitinne, i gcás ina ndéanann an Coimisinéir breith á ordú do chomhlacht poiblí faisnéis atá ann i dtaifid a scaoileadh, ní scaoilfear í go dtí go mbeidh deireadh leis an tréimhse achomhairc 8 seachtaine.

A mhéid is indéanta, is iondúil go gcuirtear athbhreithnithe i gcrích laistigh de cheithre mhí ón dáta a bhfaightear an t-iarratas. Tógann sé tamall níos faide chun roinnt cásanna a chur i gcrích más rud é go mbíonn siad an-chasta nó go mbíonn líon mór taifead i gceist leo. Is féidir le hiarrthóir a iarratas nó a hiarratas a tharraingt siar ag aon chéim i rith an phróisis achomhairc.

Ní féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh bhreith chríochnaitheach cheangailteach an Choimisinéara ach amháin chuig an Ard-Chúirt agus ní féidir achomharc a dhéanamh ach amháin ar phonc dlí i gcás ina measann an t-iarrthóir go ndearna an Coimisinéir an dlí a fhorléiriú go mícheart. Ní mór achomharc chun na hArd-Chúirte a dhéanamh tráth nach déanaí ná ocht seachtaine tar éis an dáta a thugtar fógra faoin mbreith.

3. Taifid a ghintear trí fhreagra a thabhairt ar iarraidh maidir le rochtain FOI

Nuair a phróiseálann comhlacht poiblí, lena n-áirítear Ranna Stáit, iarraidh FOI gintear líon áirithe gnáth-thaifead. Tá ardleibhéal rialála ann i leith iarrataí a phróiseáil agus, dá bhrí sin, déantar iarrataí a láimhseáil ar mhodh aonfhoirmeach agus, dá bharr sin, is taifid de chineál aonfhoirmeach iad na taifid a ghintear de ghnáth. Beidh feidhm ag na moltaí seo a leanas maidir le comhaid faoi chásanna FOI i Ranna Stáit, ach sin faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, ach ní bheidh feidhm acu maidir le raon iomlán na gcomhlachtaí poiblí a thagann faoi réir dhlínse na nAchtanna FOI.

Nuair a fhaightear iarraidh FOI is é atá sa ghnáthnós imeachta ná go n-osclaíonn an Roinn Stáit sainchomhad maidir leis an iarraidh. D'fhéadfadh an comhad sin a bheith i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach nó d'fhéadfadh comhad hibrideach a bheith ann. Go hiondúil, cuimseoidh an comhad an t-iarratas i scríbhinn ar rochtain ar fhaisnéis (ó tharla nach mór gach iarraidh a dhéanamh i scríbhinn) agus, chomh maith leis sin, litir

chaighdeánach admhála á rá go bhfuair Aonad FOI an chomhlachta phoiblí an iarraidh agus á chur in iúl don iarrthóir cad é an dáta dlite i leith freagra a thabhairt ar an iarraidh. I gcás nach léir céard é cineál na hiarrata, d'fhéadfadh comhfhreagras a bheith ann idir an comhlacht poiblí agus an t-iarrthóir chun nithe a shoiléiriú agus, i gcás inar mian leis an gcomhlacht poiblí díriú ar scóip na hiarrata, nó an scóip sin a shainiú ar bhealach níos soiléire, beidh méid áirithe comhfhreagrais ann leis an iarrthóir.

Mar thoradh ar iarraidh FOI a fháil, is dócha go nginfear méid áirithe doiciméad inmheánach i Roinn Stáit, rud a thosóidh, b'fhéidir, nuair a dhéantar cineál éigin cumarsáide inmheánaí sa chomhlacht chuig ceann aonaid feidhme nó ciorclán chuig roinnt daoine éagsúla chun a shuíomh go bhfuil taifid ann ina bhfuil faisnéis a bhaineann le hábhar na hiarrata. Gheofar freagraí ar na nithe sin á dhaingniú go bhfuil taifid ann, ar taifid iad a d'fhéadfadh a bheith ann sa chomhad maidir leis an gcás FOI.

Ina theannta sin, is dócha go gcuimseoidh an comhad maidir leis an gcás FOI sceideal taifead a bhfuil baint acu leis an iarraidh ós rud é nach mór, de réir na nósanna imeachta cearta faoi na hAchtanna, sceideal na dtaifead go léir ina bhfuil faisnéis a bhaineann leis an iarraidh a chruthú lena heisiúint don iarrthóir sa deireadh. Sa sceideal sin, liostaítear agus léirítear na cásanna, más ann, ar ina leith nach bhfuil taifid iomchuí á scaoileadh agus na forálacha de chuid na nAchtanna ar fúthu atá na taifid sin á ndíolmhú ó nochtadh.

Ina theannta sin, is dócha gurb amhlaidh, mar thoradh ar an mbreithniú a dhéanfaidh breithneoir ar na taifid, go nginfear doiciméid amhail cumarsáidí inmheánacha laistigh de Roinn Stáit, ó tharla go bhféadfadh sé go lorgódh breithneoir tuilleadh faisnéise faoi na taifid atá á mbreithniú, comhairle dhlíthiúil, i gcásanna áirithe, faoi oibriú na ndíolúintí agus comhfhreagras le tríú páirtithe i gcás inar gá sin agus de réir na nAchtanna.

D'fhéadfadh comhfhreagras a bheith ann freisin idir an tAonad FOI agus an breithneoir maidir le próiseáil na hiarrata. Sa chuid is mó cásanna, cuimseoidh comhaid maidir le cás FOI cóipeanna de na taifid atá á mbreithniú i dtaca leis an iarraidh ar rochtain FOI. Tiomsaítear na comhaid sin de ghnáth le gur fusa measúnú a dhéanamh agus, nuair a dhéantar breith maidir leis na taifid atá le scaoileadh, is ionann iad agus taifead fónta i dtaobh cad atá scaoilte chuig an iarrthóir, go háirithe i gcás ina bhfuil iarraidh níos déanaí ar athbhreithniú ar an mbreith bhunaidh nó i gcás ina ndéantar achomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise.

Ar deireadh, cuimseoidh an comhad cóip den litir chríochnaitheach chuig an iarrthóir ina gcuirtear in iúl toradh na hiarrata FOI.

D'fhéadfadh tuilleadh comhfhreagrais a bheith ann idir an t-iarrthóir agus an t-aonad FOI

nó an breithneoir chun soiléiriú a fháil. I gcás ina raibh gá leis an amscála a fhadú chun an iarraidh a phróiseáil, beidh cóipeanna den chomhfhreagras ina leith sin ann.

I gcás iarrthóir a bheith míshásta le toradh na hiarrata, cuimseoidh comhad maidir le cás FOI comhfhreagras breise sin i gcás ina lorgaítear athbhreithniú, lena n-áirítear i leith an iarratais ar athbhreithniú, i leith admhála á rá go bhfuarthas an t-iarratas agus i leith an táille i leith an iarratais a bheith faighte. D'fhéadfadh cumarsáidí inmheánacha a bheith ann freisin, is é sin, cumarsáidí a ghintear más gá don Aonad FOI comhfhreagras a sheoladh chuig an athbhreithneoir.

Agus d'fhéadfadh comhairle bhreise dhlíthiúil a bheith ann. Ar deireadh, cuimseoidh an comhad cóip de bhreith an athbhreithneora maidir le rochtain - seasamh leis an mbreith nó an bhreith a athrú - agus cóip den litir ina gcuirtear toradh an athbhreithnithe in iúl don iarrthóir.

I gcás ina mbíonn iarrthóir míshásta fós, ina ndéanann sé nó sí achomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise agus ina nglactar lena achomharc nó lena hachomharc, cuimseoidh an comhad doiciméid a ghintear mar thoradh ar theagmháil idir roinn agus Oifig an Choimisinéara Faisnéise. Beidh na doiciméid sin i bhfoirm litreach ón imscrúdaitheoir OIC (Oifig an Choimisinéara Faisnéise) ina gcuirtear in iúl go bhfuil an t-achomharc á dhéanamh, ina soláthraítear cóip d'iarratas an iarrthóra ar athbhreithniú ag OIC agus ina n-iarrtar ar an roinn aighneacht a chur ar fáil maidir leis an tslí inar láimhseáil sí an iarraidh agus maidir leis an gcúis leis an mbreith a rinne sí.

Beidh cóip den litir sin ar fáil sa chomhad mar aon le haon chomhfhreagras eile a bhaineann le hathbhreithniú OIC. Más féidir, féachann OIC leis an ábhar a réiteach ar bhealach neamhfhoirmiúil trí chomhaontú idir an iarrthóir agus an roinn, d'fhéadfadh comhfhreagras ina leith sin, idir OIC agus an roinn, a bheith ann sa chomhad agus, chomh maith leis sin, d'fhéadfadh meamraim nó nótaí inmheánacha a bheith ann.

Ar deireadh, i gcás ina ndéantar an t-ábhar a imscrúdú go hiomlán agus ina n-eisíonn an Coimisinéir Faisnéise breith fhoirmiúil cheangailteach, cuimseoidh an comhad an litir ón gCoimisinéir Faisnéise chuig an roinn ina gcuirtear an bhreith in iúl don roinn.

4. Conclúidí agus moltaí

Le linn na comhaid maidir le cásanna FOI a athbhreithniú, thug an Chartlann Náisiúnta an méid seo a leanas dá haire:

Ar an gcéad dul síos, déantar iarrataí FOI a phróiseáil mar fhreagairt ar oibleagáidí

dlíthiúla faoi Acht FOI agus, dá bhrí sin, is gníomhaíocht chomhlíontachta í. Ní gníomhaíocht í a bhaineann le croífheidhm de chuid Roinn Stáit agus ní fhaightear mórán faisnéise faoi fheidhmeanna, faoi struchtúir nó faoi ghníomhaíochtaí roinne ó chaomhnú chainníocht iomlán na dtaifead a ghintear.

Ar an dara dul síos, is é atá in iarrataí FOI ná iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis a shealbhaítear i Roinn Stáit nó iarrataí ar na cúiseanna le breitheanna. Is é atá san fhaisnéis a úsáidtear chun freagra a thabhairt ar iarrataí FOI ná faisnéis atá ar fáil cheana féin de ghnáth i dtaifid na roinne lena mbaineann agus, go hiondúil, baintear an fhaisnéis as na taifid nó cóipeáiltear í ó na taifid agus cuirtear ar an gcomhad maidir le cás FOI í mar chuid den obair a ghabhann le próiseáil na hiarrata.
Más iarraidh ar chúiseanna le breith atá déanta ag roinn atá i gceist le hiarraidh, ar breitheanna iad a rinne difear ábhartha do dhuine aonair, ansin ní bheidh sna cúiseanna ach míniú ar an mbeartas agus/nó ar na cleachtais reatha nó is dócha go mbeidh na cúiseanna le fáil i ndoiciméid atá ar fáil ó fhoinse faisnéise eile laistigh den roinn.

Dá bhrí sin, déantar an fhaisnéis a bhíonn ann i gcomhaid FOI a chóipeáil ó fhoinse eile. Is é atá san aon fhaisnéis uathúil a bhíonn ann ná an fhaisnéis a bhaineann le láimhseáil agus próiseáil iarbhír na hiarrata agus, de ghnáth, is é a bhíonn i gceist leis an bhfaisnéis sin ná iarratais ó iarrthóirí, gnáthlitreacha admhála, cumarsáidí inmheánacha ina lorgaítear taifid agus, b'fhéidir, ina bpléitear an iarraidh, sceidil na dtaifead iomchuí, litreacha chuig tríú páirtithe (i gcás ina mbaineann siad le hábhar, agus sa chás sin amháin) agus an litir a chuirtear chuig an iarrthóir faoin mbreith chríochnaitheach. Má lorgaíonn an t-iarrthóir athbhreithniú inmheánach ar an mbreith nó má lorgaíonn sé nó sí athbhreithniú ar an gCoimisinéir Faisnéise, ansin beidh doiciméid uathúla ann a bhaineann leis an gcomhad maidir le cás FOI.

Ar an tríú dul síos, cé go bhfónann comhaid maidir le cásanna FOI mar fhianaise ar ócáidí ina bhfeidhmíonn daoine aonair a gceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis oifigiúil, ní gá na comhaid sin a chaomhnú chun seasamh le cearta agus/nó le teidlíochtaí na ndaoine aonair sin.

Ar an gceathrú dul síos, mar thoradh ar líon an-mhór na gcomhad maidir le cásanna FOI ar dóigh iad a bheith ann i Ranna Stáit ní féidir leis an gCartlann Náisiúnta na taifid sin go léir a chaomhnú.
Cé go bhfuil laghdú tagtha ar an líon iarrataí chuig Ranna Stáit ón tráth ar tugadh FOI isteach sa bhliain 1998, rud a tharla go formhór mar thoradh ar leasuithe ar an reachtaíocht sa bhliain 2003, is dócha go leanfaidh an líon iarrataí de bheith sa raon ó 2,500 iarraidh go 3,000 iarraidh sa bhliain. Mar thoradh ar dheireadh a bheith curtha le táillí san Acht nua, ceaptar go dtiocfaidh méadú ar an líon iarrataí.

Ar deireadh, is é an cleachtas atá ag cartlanna i dtíortha eile, ar cartlanna iad a thagann faoi réir reachtaíocht FOI, gan caomhnú comhad maidir le cásanna FOI a chaomhnú.

Mar shampla:

1. Cartlann Náisiúnta na Ríochta Aontaithe
2. Cartlann Náisiúnta na Nua-Shéalainne
3. Leabharlann agus Cartlann Cheanada.

Faoi dheireadh, soláthraíonn comhad maidir le cás FOI faisnéis faoi phróiseáil iarrata ar rochtain agus faoi bhreith maidir le faisnéis atá ar fáil cheana féin in áiteanna eile i dtaifid Roinn Stáit a scaoileadh. Baineann ábhar an chomhaid go príomha leis an bpróiseas a ghabhann le teacht ar bhreith maidir le rochtain seachas leis an bhfaisnéis atá i gceist agus arb í is ábhar don iarraidh.

Is sárú ar alt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, é aon taifid roinne, lena n-áirítear comhaid FOI, a dhiúscairt gan dul i gcomhairle leis an gCartlann Náisiúnta roimh ré, lena n-áirítear Deimhniú i leith Diúscairt Taifead Roinne a eisiúint agus é sínithe ag Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta.

Dá bhrí sin, eisíonn an Chartlann Náisiúnta na treoirlínte agus an treoir seo a leanas i ndáil le diúscairt comhad FOI i Ranna Stáit:

1. I gcás próiseáil chríochnaitheach a bheith déanta ar iarraidh FOI agus ina bhfuil freagra tugtha don iarrthóir gan aon iarraidh ar athbhreithniú inmheánach a bheith faighte, is ceart an comhad ar leithligh maidir le cás FOI a mhilleadh nuair nach bhfuil gá leis a thuilleadh i dtaca le riaradh na roinne.

2. I gcás próiseáil chríochnaitheach a bheith déanta ar iarraidh FOI ach go bhfuil iarraidh ar athbhreithniú inmheánach faighte agus go bhfuil freagra tugtha ar an iarraidh sin gan aon achomharc a bheith déanta ina dhiaidh sin chuig an gCoimisinéir Faisnéise, is ceart an comhad ar leithligh maidir le cás FOI a mhilleadh nuair nach bhfuil gá leis a thuilleadh i dtaca le riaradh na roinne.

3. Más rud é go ndearna Roinn Stáit comhairle dhlíthiúil a lorg mar thoradh ar phróiseáil iarrata FOI, ní mór, de réir fhorálacha an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, an comhad maidir leis an gcás FOI a choimeád sa roinn sin.

4. I gcás próiseáil a bheith déanta ag Roinn Stáit ar iarraidh FOI agus gurb amhlaidh, mar geall ar thoradh na próiseála sin, go ndéanann an t-iarrthóir achomharc in aghaidh na breithe chuig an gCoimisinéir Faisnéise agus más rud é gurb é a lean as sin ná réiteach na n-ábhar trí chomhaontú neamhfhoirmiúil nó trí bhreith fhoirmiúil a bheith eisithe ag an gCoimisinéir Faisnéise, ní mór don Roinn Stáit lena mbaineann an comhad maidir le cás FOI atá ann sa roinn stáit a choimeád de réir fhorálacha an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986.

5. I gcás ina bhfuil iarraidh FOI ina ábhar d'imeachtaí dlíthiúla i.e. i gcás achomharc in aghaidh bhreith chríochnaitheach cheangailteach an Choimisinéara a bheith déanta chuig an Ard-Chúirt ag an iarrthóir nó ag Roinn Stáit, ní mór don roinn sin, de réir fhorálacha an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, an comhad maidir le cás FOI lena mbaineann agus a shealbhaítear sa Roinn Stáit a choimeád.

Meastar go soláthrófar dóthain faisnéise faoi oibriú reachtaíocht FOI in Éirinn má choimeádtar comhaid maidir le cásanna FOI ina bhfuil doiciméid faoin idirghníomhaíocht idir Roinn Stáit agus an Coimisinéir Faisnéise agus má choimeádtar comhaid ina bhfuil comhairle dhlíthiúil a fuair Ranna Stáit i dtaca le próiseáil iarrata ar rochtain. D'fhéadfadh sé go mbeidh gá leis an straitéis measúnaithe seo i leith roghnú cás maidir le cásanna FOI i Ranna Stáit a athbhreithniú más rud é go ndéanfar taifid Oifig an Choimisinéara Faisnéise a chur faoi réir an dlí náisiúnta a bhaineann le cúrsaí cartlainne.

Mí na Nollag 2015

An Chartlann Náisiúnta
National Archives

An Chartlann
Náisiúnta, Sráid an
Easpaig, Baile Átha
Cliath D08 DF85,
Éire.

Teileafón: + 353 (0)1 407 2300
Lo Call: + 353 1890 252424
Facs: + 353 (0)1 407 2333
Ríomhphost: query@nationalarchives.ie